2025/875

14.5.2025

CINNEADH CUR CHUN FEIDHME (AE) 2025/875 ÓN gCOIMISIÚN

an 13 Bealtaine 2025

lena gcinntear an dáta a gcuirfear tús le hoibríochtaí na Seirbhíse comhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha de bhun Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle

TÁ AN COIMISIÚN EORPACH,

Ag féachaint don Chonradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/817 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse na dteorainneacha agus na víosaí agus lena leasaítear Rialacháin (CE) Uimh. 767/2008, (AE) 2016/399, (AE) 2017/2226, (AE) 2018/1240, (AE) 2018/1726 agus (AE) 2018/1861 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle agus Cinntí 2004/512/CE agus 2008/633/CGB ón gComhairle ([1]), agus go háirithe Airteagal 72(2) de,

Ag féachaint do Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 20 Bealtaine 2019 maidir le creat a bhunú le haghaidh idir-inoibritheacht idir córais faisnéise AE i réimse an chomhair phóilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce agus lena leasaítear Rialacháin (AE) 2018/1726, (AE) 2018/1862 agus (AE) 2019/816 ([2]), agus go háirithe Airteagal 68(2) de,

De bharr an mhéid seo a leanas:

(1) Le Rialachán (AE) 2019/817, in éineacht le Rialachán (AE) 2019/818 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle, bunaítear creat chun idir-inoibritheacht a áirithiú idir córais faisnéise an Aontais Eorpaigh i réimse na dteorainneacha, na víosaí, an chomhair póilíneachta agus an chomhair bhreithiúnaigh, an tearmainn agus na himirce.

(2) Tá an creat sin comhdhéanta de roinnt comhpháirteanna idir-inoibritheachta, lena n-áirítear an tSeirbhís chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha. Stórálann an tSeirbhís chomhroinnte Meaitseála Bithmhéadracha teimpléid bhithmhéadracha a fhaightear ó na sonraí bithmhéadracha atá stóráilte sa Stóras Coiteann Sonraí Céannachta agus i gCóras Faisnéise Schengen. Leis an gcomhpháirt sin is féidir cuardach a dhéanamh i roinnt córas faisnéise de chuid an Aontais trí shonraí bithmhéadracha a chur isteach.

(3) Ó tháinig Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 i bhfeidhm, tá na socruithe dlíthiúla agus teicniúla is gá curtha i gcrích ag an gCoimisiún agus ag Gníomhaireacht an Aontais Eorpaigh chun Bainistiú Oibríochtúil a dhéanamh ar Chórais Mhórscála TF sa Limistéar Saoirse, Slándála agus Ceartais (eu-LISA) chun na rialacha nua a chur chun feidhme ionas gur féidir teimpléid bhithmhéadracha a stóráil agus cuardach a dhéanamh ar fud chórais faisnéise an Aontais Eorpaigh faoi raon feidhme an chreata Idir-inoibritheachta.

(4) I gcomhréir le Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818, cinnfidh an Coimisiún an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí na Seirbhíse comhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha, tar éis fhíorú na gcoinníollacha a leagtar síos in Airteagal 72(2) de Rialachán (AE) 2019/817 agus in Airteagal 68(2) de Rialachán (AE) 2019/818. De bhun Airteagal 72(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/817 agus Airteagal 68(2), an dara fomhír, de Rialachán (AE) 2019/818, tá an dáta sin le socrú le bheith laistigh de 30 lá ó ghlacadh an Chinnidh seo.

([1]) IO L 135, 22.5.2019, lch. 27, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/817/oj.
([2]) IO L 135, 22.5.2019, lch. 85, ELI: http://data.europa.eu/eli/reg/2019/818/oj.

(5) D'fhíoraigh an Coimisiún gur glacadh na gníomhartha cur chun feidhme is gá chun an tSeirbhís chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha a oibriú ([3]); gur dhearbhaigh eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach ar an tSeirbhís chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha tugtha i gcrích go rathúil aige, ar tástáil í a cuireadh i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát; gur thug eu-LISA fógra go ndearna sé na socruithe teicniúla agus dlíthiúla maidir le bailiú agus tarchur na sonraí bithmhéadracha ábhartha a bhailíochtú; gur dhearbhaigh eu-LISA go bhfuil tástáil chuimsitheach curtha i gcrích go rathúil aige ar na sásraí agus nósanna imeachta uathoibrithe um rialú cáilíochta sonraí, ar na táscairí coiteanna cáilíochta sonraí agus ar na híoschaighdeáin cháilíochta sonraí atá ábhartha don tSeirbhís chomhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha, ar tástáil í a cuireadh i gcrích i gcomhar le húdaráis na mBallstát. Cuireadh na dearbhuithe ó eu-LISA faoi bhráid an Choimisiúin faoi dháta glactha an Chinnidh seo.

(6) Is iomchuí, dá bhrí sin, an dáta a chuirfear tús le hoibríochtaí na Seirbhíse comhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha a chinneadh.

(7) I bhfianaise go bhfuil an Coimisiún le dáta amach anseo a shocrú ar a gcuirfear tús le hoibríochtaí na Seirbhíse comhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha, níl gá le haon idirthréimhse ama idir dáta foilsithe agus dáta theacht i bhfeidhm an Chinnidh seo. Dá bhrí sin, ba cheart an Cinneadh seo a theacht i bhfeidhm lá a fhoilsithe.

(8) Ós rud é go gcuireann Rialachán (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 le *acquis* Schengen, i gcomhréir le hAirteagal 4 de Phrótacal Uimh. 22 maidir le Seasamh na Danmhairge, prótacal atá i gceangal leis an gConradh ar an Aontas Eorpach agus leis an gConradh ar Fheidhmiú an Aontais Eorpaigh, thug an Danmhairg fógra faoi chur chun feidhme Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 ina dlí náisiúnta. Dá bhrí sin, tá an Cinneadh seo ina cheangal uirthi.

(9) Ní an Cinneadh seo ina fhorbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen a bhfuil Éire rannpháirteach iontu, i gcomhréir le Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle ([4]). Dá bhrí sin, níl Éire rannpháirteach i nglacadh an Chinnidh seo agus níl sí faoi cheangal aige ná faoi réir a chur i bhfeidhm.

(10) Maidir leis an Íoslainn agus leis an Iorua, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá Stát sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([5]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE ón gComhairle ([6]).

([3]) Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 26.8.2021 lena leagtar síos na ceanglais feidhmíochta agus na socruithe praiticiúla chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2019/817 (C(2021) 6159); Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 26.8.2021 lena leagtar síos na ceanglais feidhmíochta agus na socruithe praiticiúla chun faireachán a dhéanamh ar fheidhmíocht na seirbhíse comhroinnte meaitseála sonraí bithmhéadracha de bhun Airteagal 13(5) de Rialachán (AE) 2019/818 (C(2021) 6169); Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 16.9.2021 lena leagtar síos sonraíochtaí an nós imeachta comhair maidir le teagmhais slándála a bhfuil tionchar acu, nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu, ar oibriú na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta nó ar infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí, de bhun Airteagal 43(5) de Rialachán (AE) 2019/817 (C(2021) 6663); Cinneadh Cur Chun Feidhme ón gCoimisiún an 16.9.2021 lena leagtar síos sonraíochtaí an nós imeachta comhair maidir le teagmhais slándála a bhfuil tionchar acu, nó a bhféadfadh tionchar a bheith acu, ar oibriú na gcomhpháirteanna idir-inoibritheachta nó ar infhaighteacht, sláine agus rúndacht na sonraí, de bhun Airteagal 43(5) de Rialachán (AE) 2019/818 (C(2021) 6664).

([4]) Cinneadh 2002/192/CE ón gComhairle an 28 Feabhra 2002 maidir leis an iarraidh ó Éirinn a bheith rannpháirteach i roinnt forálacha de *acquis* Schengen (IO L 64, 7.3.2002, lch. 20, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2002/192/oj).

([5]) IO L 176, 10.7.1999, lch. 36, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/1999/439(1)/oj.

([6]) Cinneadh 1999/437/CE ón gComhairle an 17 Bealtaine 1999 maidir le socruithe áirithe i dtaca le cur i bhfeidhm an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích ag Comhairle an Aontais Eorpaigh agus Poblacht na hÍoslainne agus Ríocht na hIorua maidir le comhlachas an dá thír sin le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 176, 10.7.1999, lch. 31, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/1999/437/oj).

(11) Maidir leis an Eilvéis, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Chomhaontaithe arna thabhairt i gcrích idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([7]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE, arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2008/146/CE ón gComhairle ([8]).

(12) Maidir le Lichtinstéin, is é atá sa Chinneadh seo forbairt ar fhorálacha *acquis* Schengen de réir bhrí an Phrótacail idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt ([9]), ar forálacha iad a thagann faoi réim an réimse dá dtagraítear in Airteagal 1, pointe A, de Chinneadh 1999/437/CE arna léamh i gcomhar le hAirteagal 3 de Chinneadh 2011/350/AE ón gComhairle ([10]).

(13) Maidir leis an gCipir, is é atá sa Chinneadh seo gníomh atá ag cur le *acquis* Schengen nó atá gaolmhar leis ar dhóigh eile, de réir bhrí Airteagal 3(1) d'Ionstraim Aontachais 2003,

TAR ÉIS AN CINNEADH SEO A GHLACADH:

Airteagal 1

Cuirfear tús le hoibríochtaí na Seirbhíse comhroinnte Meaitseála Sonraí Bithmhéadracha de bhun Rialacháin (AE) 2019/817 agus (AE) 2019/818 an 19 Bealtaine 2025.

Airteagal 2

Tiocfaidh an Cinneadh seo i bhfeidhm lá a fhoilsithe in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.

Arna dhéanamh sa Bhruiséil, an 13 Bealtaine 2025.

Thar ceann an Choimisiúin
An tUachtarán
Ursula VON DER LEYEN

([7]) IO L 53, 27.2.2008, lch. 52, ELI: http://data.europa.eu/eli/agree_internation/2008/178(1)/oj.

([8]) Cinneadh 2008/146/CE ón gComhairle an 28 Eanáir 2008 maidir le tabhairt i gcrích an Chomhaontaithe, thar ceann an Chomhphobail Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt (IO L 53, 27.2.2008, lch. 1, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2008/146/oj).

([9]) IO L 160, 18.6.2011, lch. 21.

([10]) Cinneadh 2011/350/AE ón gComhairle 7 Márta 2011 maidir le tabhairt i gcrích an Phrótacail, thar ceann an Aontais Eorpaigh, idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach, Cónaidhm na hEilvéise agus Prionsacht Lichtinstéin i ndáil le haontachas Phrionsacht Lichtinstéin leis an gComhaontú idir an tAontas Eorpach, an Comhphobal Eorpach agus Cónaidhm na hEilvéise maidir le comhlachas Chónaidhm na hEilvéise le *acquis* Schengen a chur chun feidhme, a chur i bhfeidhm agus a fhorbairt, a bhaineann le seiceálacha ag na teorainneacha inmheánacha a dhíothú agus le gluaiseacht daoine (IO L 160, 18.6.2011, lch. 19, ELI: http://data.europa.eu/eli/dec/2011/350/oj).